Riarthóir Oifige - Cumann na bhFiann

Is é Cumann na bhFiann an tseirbhís óige Ghaeilge is mó sa tír. Eagraítear ógchlubanna Gaeilge seachtainiúla, chomh maith le himeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta trí mheán na Gaeilge. Tugann seo deis do dhaoine óga a gcuid Gaeilge labhartha a úsáid agus a fheabhsú lasmuigh de thimpeallacht na scoile ag leibhéal sóisialta. Is é an toradh ar seo ná go mbíonn cairde nua le Gaeilge sa cheantar agus ar fud na tíre ag na daoine óga.

Tá post mar Riarthóir Oifige á fhógairt ag Cumann na bhFiann. Tá duine díograiseach, coinsiasach, cairdiúil ag teastáil don ról seo. Beidh an té a cheapfar ag obair mar chuid d'fhoireann spreagúil atá tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn do dhaoine óga trí sheirbhísí ar ard caighdeán a chur ar fáil dóibh. Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leo cumasach, solúbtha agus in ann obair i dtimpeallacht ghnóthach, san oifig agus ar líne.

Tá sainchuntas poist ar fáil ó michelle@cnb.ie nó ag an nasc ar an suíomh gréasáin https://www.cnb.ie/foluntas-poist-3/

Chun iarratas a dhéanamh níl ort ach do litir iarratais agus CV a sheoladh ar ríomhphost chuig michelle@cnb.ie.
Spriocdháta: Dé hAoine, 7 Aibreán 2023
Scála pá: Scála státseirbhíse an Oifigigh Fheidhmiúcháin €33,149 - €55,026 (i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí)

Urraithe ag
Foras na Gaeilge